



CEARTA AN DUINE

Tá an tAontas Eorpach tiomanta do thacaíocht a thabhairt don daonlathas agus do chearta an duine ina chaidreamh seachtrach, i gcomhréir le prionsabail na saoirse, an daonlathais agus na hurraime do chearta an duine, na saoirsí bunúsacha agus an smachta reachta, arb orthusan a fothaíodh an tAontas. Féachann an tAontas le hábhair inní maidir le cearta an duine a phríomhshruthú i ngach ceann dá bheartais agus dá chláir, agus tá ionstraimí éagsúla beartais um chearta an duine aige i gcomhair gníomhaíochtaí sonracha — lena n-áirítear tionscadail shonracha a mhaoiniú trína chuid ionstraimí maoinithe.

AN BUNÚS DLÍ

- Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE): Luachanna AE. Is iad seo a leanas luachanna fothaithe an Aontais: ‘dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad’;
- Airteagal 3 CAE: Cuspóirí AE. Sa ‘chaidreamh atá aige leis an domhan mór’, tá an tAontas ag rannchuidiú le ‘dísciú na bochtaineachta agus le cosaint chearta an duine, go háirithe cearta an linbh, mar aon le comhlíonadh docht agus forbairt an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear urraim do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe’;
- Airteagal 6 CAE: an Chairt um Chearta Bunúsacha agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Siúd is gurb é cur chun feidhme dhlí an Aontais, agus é sin amháin, a ndéantar tagairt shainráite dó i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 6(1)), ní mór d’institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais agus dá Bhallstáit urraim a thabhairt don Chairt i gcaidreamh seachtrach an Aontais. Ní mór do thíortha a bhfuil ballraíocht á glacadh acu san Aontas an Chairt a chomhlíonadh freisin. Le hAirteagal 6(2), ceanglaítear ar an Aontas géilleadh don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (chun breis eolais a fháil faoi sin, féach bileog fíricí [4.1.2](#) maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha);
- Airteagal 21 CAE: na prionsabail atá ina spreagadh do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Is iad na prionsabail sin ná an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, urraim do dhínit an duine, comhionannas agus dlúthpháirtíocht, agus urraim do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, 1945, agus don dlí idirnáisiúnta. In Airteagal 21, formhuiníonn an tAontas prionsabal ‘dhodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha’, agus gabhann



sé air féin go measfaidh sé cearta eacnamaíocha agus sóisialta a bheith chomh tábhachtach céanna le cearta sibhialta agus polaitiúla;

- Airteagal 205 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE): forálacha ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Leis an Airteagal sin, suitear go mbeidh gníomhaíochtaí idirnáisiúnta an Aontais á dtreorú ag na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 21 CAE.

BEARTAS AE MAIDIR LE CEARTA AN DUINE

In 2012, ghlac an Chomhairle Creat Straitéiseach maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, a raibh plean gníomhaíochta chun an creat a chur chun feidhme ag gabháil leis. Leis an gcreat, sainmhínítear na prionsabail, na hoibleagáidí agus na tosaíochtaí le haghaidh feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chomhleanúnachas bheartas AE sna 10 mbliana amach romhainn. Áirítear ar na prionsabail sin cearta an duine a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais (mar 'shnáithe coiteann'), lena n-áirítear nuair a bhíonn forluí ann idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha, agus cur chuige níos saincheaptha a ghlacadh. Sa phlean gníomhaíochta, leagadh amach céimeanna sonracha don tréimhse anuas go dtí an 31 Nollaig 2014. Rinneadh plean athnuaithe gníomhaíochta don tréimhse 2015-2019, a bhí bunaithe ar an measúnú ar an gcéad phlean agus ar an treoir pholaitiúil ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, a ghlacadh i Meitheamh na bliana 2015. Tá an plean nua gníomhaíochta don tréimhse 2020-2024 á fhorbairt faoi láthair.

Siúd is nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí, i dtreoirínte an Aontais maidir le cearta an duine, ar treoirínte iad a ndearna Comhairle an Aontais Eorpaigh iad a ghlacadh, tá teoracha praiticiúla d'ionadaíochtaí an Aontais fud fad an domhain maidir leo seo a leanas:

- Gníomhaíocht in aghaidh phionós an bháis
- Idirphlé maidir le cearta an duine
- Cearta an linbh
- Gníomhaíocht in aghaidh an chéasta agus in aghaidh íde chruálach eile
- Cosaint a thabhairt do leanaí i gcoinbhleachtaí armtha
- Cosaint a thabhairt do chosantóirí chearta an duine
- An dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh
- Foréigean in aghaidh ban agus cailíní a chomhrac
- Saoirse reiligiúin agus creidimh a chur chun cinn
- Cearta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasincneacha agus idirghnéasacha (LGBTI) a chosaint
- Saoirse tuairimíochta a chur chun cinn, ar líne agus as líne araon
- Neamh-idirdhealú i ngníomhaíocht sheachtrach



Tagraíonn an tAontas go rialta do chearta a duine san idirphlé polaitiúil aige le tríú tíortha nó le heagraíochta réigiúnacha. Ina theannta sin, bíonn sé ag gabháil d'idirphlé agus do chomhairliúcháin, arb iad cearta an duine is ábhar sonrach dóibh, le níos mó ná 40 tír. Fairis sin, bíonn nach mór gach stát de na 79 stát san Afraic, sa Chairib agus san Aigéin Ciúin (ACC) ag gabháil d'idirphlé leis an Aontas faoi Airteagal 8 de Chomhaontú Cotonou, ina luaitear gur cheart 'measúnú rialta ar na forbairtí i dtaca leis an urraim do chearta an duine' a bheith ina chuid den idirphlé polaitiúil.

Tá bearta taidhleoireachta (atá rúnda) agus dearbhuithe (atá poiblí) lena dtugtar aghaidh ar bheartais maidir le cearta an duine agus ar sháruithe nithiúla ar chearta i dtríú tíortha ina slí shuntasach freisin chun dul ar iontaoibh brú taidhleoireachta i gcaidreamh idirnáisiúnta.

I gcomhaontuithe déthaobhacha trádála agus sna comhaontuithe éagsúla comhlachais agus comhair idir an tAontas agus tríú tíortha nó eagraíochtaí réigiúnacha, tá clásal maidir le cearta an duine lena sainmhínítear an urraim do chearta an duine mar 'ghné bhunriachtanach'. Is féidir bearta éagsúla — amhail comhar a laghdú nó a chur ar fionraí — a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar chásanna neamhchomhlíonta. Tá sásra láidir coinníollachta bunaithe do na tíortha is iarrthóirí nó na tíortha is iarrthóirí ionchasacha. Tá cur chuige 'tuilleann breis tuilleadh' (breis comhtháthaithe agus airgid mar iomlaoid ar níos mó athchóirithe) comhtháthaithe i mBeartas Comharsanachta athnuaite na hEorpa. Tá dreasachtaí le haghaidh athchóirithe le fáil sna scéimeanna um thrádáil fhabhrach arna ndeonú ag an Aontas do thíortha atá i mbéal forbartha (GSP+).

Tá straitéisí tíre AE maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas bunaithe ar chur chuige ón mbun aníos, agus é mar aidhm leis sin treoirínite agus tosaíochtaí an Aontais maidir le cearta an duine a chomhtháthú i ndoiciméad aonair, comhleanúnach beartais a chuirfí in oiriúint do thír ar leith, agus ina leagfaí síos spriocanna nithiúla a bhunófaí in imeacht trí bliana. Tá sé mar aidhm freisin le misin bhreathnóireachta AE um thoghcháin feabhas a chur ar chearta an duine trí imeaglú agus forneart le linn toghchán a dhíspreagadh agus trí institiúidí daonlathacha a neartú.

Déanann an tAontas cearta an duine a chur chun cinn trína rannpháirtíocht i bhfóiraim iltaobhacha amhail Tríú Coiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, an Eagraíocht um Shláidáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus Comhairle na hEorpa. Déanann an tAontas an ceartas idirnáisiúnta a chur chun cinn go gníomhach freisin, tríd an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, mar shampla.

Agus buiséad EUR 1.3 billiún aici don tréimhse 2014-2020, leis an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR), tugtar tacaíocht agus cosaint, go príomha, do ghníomhaithe sin na sochaí sibhialta a mbíonn cearta an duine agus an daonlathas á gcur chun cinn acu. Gné thábhachtach den ionstraim sin is ea nach gá toiliú an rialtais ábhartha a fháil ina leith. Ar na hionstraimí eile airgeadais lena ndírítear ar chearta an duine tá an Ionstraim le haghaidh Comhar um Fhorbairt (ICF), an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (IcSP), an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (IEC) agus an Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF). Sa bhreis air sin, tá sé geallta ag an Aontas cur chuige bunaithe ar chearta an duine a



chomhtháthú, de réir a chéile, ina chlár forbartha uile, bunaithe ar bhosca uirlisí a d'fhorbair an Coimisiún in 2014. Is ionann an Dearlaic Eorpach i gcomhair Daonlathais agus fondúireacht phríobháideach dlí a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus óna Bhallstáit. Faoi bhuiséad EUR 2.3 billiún 2014-2020 do chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, cumhdaítear gníomhaíochtaí áirithe is ábhartha do chearta an duine, go háirithe bainistiú géarchéime sibhialtaí. I dtuarascáil bhliantúil ar chearta an duine, a ndéanann an Leas-Uachtarán/Ardionadaí í a ullmhú agus an Chomhairle í a ghlacadh, tugtar forléargas ar an staid mar atá sa domhan ó thaobh chearta an duine de, agus ar ghníomhaíochtaí an Aontais le linn na bliana.

GNÍOMHAITHE

Sainíonn an Chomhairle Eorpach leasanna straitéiseacha AE agus treoirlínte ginearálta CBES.

An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, a thagann le chéile gach mí, is le saincheisteanna um chearta an duine a bhaineann le CBES nó le beartais trádála nó forbartha AE is iondúil a bhíonn sí ag plé. An Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM) sa Chomhairle, a dhéanann obair ullmhúcháin i dtaobh plé ardleibhéil agus i dtaobh cinní ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine, tá sí comhdhéanta de shaineolaithe ar chearta an duine ó na Ballstáit agus d'ionadaithe ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ón gCoimisiún.

Tá an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha faoi chathaoirleacht an Leas-Uachtaráin/an Ardrúnaí, a rannchuidíonn le forbairt CBES an Aontais agus a áiríonn go ndéantar cinní a chur chun feidhme. Ina theannta sin, déanann an Leas-Uachtarán/an tArdrúnaí ionadaíocht thar ceann an Aontais i dtaobh nithe a bhaineann le CBES agus déanann sé maoirseacht ar SEGS agus ar thoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha. Tá stiúirthóireacht um shaincheisteanna maidir le cearta an duine, le saincheisteanna domhanda agus le saincheisteanna iltaobhacha ag SEGS, agus tá 'pointe fócasach' ag toscaireachtaí uile an Aontais. Tá ról nach beag ag toscaireachtaí AE i ndáil le forbairt agus cur chun feidhm straitéisí tíre maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas, le hidirphlé a ullmhú maidir le cearta an duine, le comhar a dhéanamh le cosantóirí chearta an duine agus leis an tsochaí sibhialta, agus le tosaíochtaí a shainathint ar ina leith a dhéanadh an tAontas cúnaimh airgeadais a chur ar fáil.

Déanann an Coimisiún comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidlíú, déanann sé maoirseacht ar phróiseas an mhéadaithe agus ar an mbeartas comharsanachta, agus déanann sé clár forbartha agus ionstraimí maoinithe a bhainistiú (i ndlúthchomhar le EEAS).

Is é an ról atá ag Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine ná éifeachtacht agus infheictheacht bheartas an Aontais maidir le cearta an duine a fheabhsú. Tá sainordú fairsing, solúbtha ag an Ionadaí Speisialta agus bíonn sé ag obair i ndlúthchomhar le SEGS. Is é Eamon Gilmore atá sa phost faoi láthair. Is é Eamon Gilmore atá sa phost faoi láthair. Chuaigh sé i mbun a dhualgas an 1 Márta 2019.

Rannchuidíonn an Pharlaimint le beartais AE a fhorbairt agus déanann sí faireachán ar obair institiúidí eile an Aontais.



Faoi Airteagail 207 agus 218 CFAE, is gá toiliú na Parlaiminte a fháil i leith bhunáite na gcomhaontuithe idirnáisiúnta chun go dtiocfaidís i bhfeidhm. Mar shampla, in 2011, chuir an Pharlaimint bac ar an bprótacal teicstíilí a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (PCA) idir AE agus an Úisbéiceastáin, go príomha mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le saothar leanaí. Níor thug sí a toiliú go dtí 2016 tar éis feabhsuithe suntasacha i dtaobh úsáid saothair leanaí agus saothair éignithe.

Le hAirteagal 36 CAE, cuirtear d'oibleagáid ar an Leas-Uachtarán/ar an Ardrúnaí dul i gcomhairle leis an bParlaimint maidir leis na príomhghnéithe agus na roghanna bunúsacha de CBES, agus í a chur ar an eolas faoi fhorás na mbeartas sin. Féadfaidh an Pharlaimint ceisteanna a chur ar an gComhairle nó ar an Leas-Uachtarán/Ardrúnaí nó moltaí a chur faoina mbráid.

Tá sé mar aidhm le rúin na Parlaiminte feasacht a ardú maidir le sárúithe ar chearta an duine, tacú le cosantóirí chearta an duine, agus beartas AE maidir le cearta an duine a mhúnlú trí thograí beartais nithiúla. Féadfaidh na rúin a bheith ina gcuid den phróiseas reachtach, ina gcríoch ar thuarascálacha féintionscnaimh na gcoistí parlaiminteacha, nó ina dtoradh ar na díospóireachtaí urghnácha ar gnách iad a bheith ar siúl maidin Déardaoin de gach seisiún iomlánach in Strasbourg chun aird a tharraingt ar shárúithe mínáireacha ar chearta an duine ar fud an domhain (Riail 144 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte).

An Fochoiste um Chearta an Duine (DROI) i bParlaimint na hEorpa, atá ag gabháil leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET), tá sé freagrach as saincheisteanna a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta, le cearta an duine – lena n-áirítear cearta mionlach – i dtríú tíortha agus le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, agus as comhleanúnachas a áirithiú idir beartais sheachtracha uile an Aontais agus a bheartas maidir le cearta an duine. Eagraíonn sé éisteachtaí ar réimse leathan saincheisteanna um chearta an duine, a mbíonn geallsealbhóirí rannpháirteach ag freastal orthu, chun ionchur a sholáthar ar rúin agus ar thionscnaimh parlaiminteacha eile. Tá sé de chúram ar an bhfochoiste freisin sainchomhaid um chearta an duine a bhainistiú ó lá go lá, agus tugann a chuid toscaireachtaí cuairt ar thíortha ábhartha go rialta. Bíonn na coistí seo a leanas ag plé le saincheisteanna um chearta an duine i gcaidreamh seachtrach AE freisin: AFET, an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA), an Coiste um Fhorbairt (DEVE) agus an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM). Tá cearta an duine ina ngné bhunriachtanach d'obair bhuantoscaireachtaí na Parlaiminte chomh maith céanna, a dhéanann caidreamh, ar bhonn déthaobhach, le parlaimintí nach bhfuil san Aontas agus i gcomhthéacs tionóil parlaiminteacha.

A bhuíochas dá cumhachtaí buiséadacha (faoi Airteagal 14 CAE agus faoi Airteagal 310(1) CFAE), tá guth ag an bParlaimint i leithdháileadh na gcistí ar EIDHR agus ar ionstraimí maoinithe eile a mbaintear feidhm astu chun cearta an duine a chur chun cinn. Fairis sin, tá an Pharlaimint ina comhreachtóir i gcás na n-ionstraimí maoinithe sheachtraigh. Bunáite na n-ionstraimí atá i bhfeidhm cheana, rachaidh siad in éag an 31 Nollaig 2020. In 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra i gcomhair na n-ionstraimí ionstraimí maoinithe sheachtraigh don tréimhse 2021-2027, lena ndéanfaí EIDHR, IEC,



ICF, IcSP agus CEF a chumasc in aon rialachán amháin. An 27 Márta 2019, [ghlac](#) an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra, lenar neartaíodh na tagairtí do chuspóirí agus coimircí maidir le cearta an duine agus lenar éilíodh go mbeadh imchlúdach airgeadais níos mó ann don chlár téamach maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas.

Gach bliain, déanann Parlaimint na hEorpa [Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta](#) a bhronnadh ar ghníomhaithe ar son chearta an duine fud fad an domhain. Áirítear Nelson Mandela, Malala Yousafzai agus Raif Badawi orthu siúd ar bronnadh an duais orthu. In 2018, bronnadh an duais ar Oleg Sentsov, stiúrthóir scannán ón Úcráin. Cuireadh príosúnacht 20 bliain air as ‘gníomhartha sceimhlitheoireachta a bheartú’ in aghaidh údaráis ‘de facto’ na Rúise sa Chrimé. Bhí sé ar stailc ocrais idir Bealtaine agus Deireadh Fómhair 2018 agus tháinig sé chun bheith ina shamhailchomhartha do shaoránaigh eile ón Úcráin a ndearna forsaí forghabhála na Rúise ar leithnis na Crimé iad a ghabháil go neamhdhleathach. Tar éis é a bheith scaoilte as príosún i Meán Fómhair 2019, fuair sé féin féin an duais ag searmanas bronnta a bhí ar siúl i bParlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2019. Is é Ilham Tohti, Uigiúrach, buaiteoir Dhuais Sakharov 2019. Cosantóir chearta an duine a bhfuil dea-theist air is ea é, tá sé ina ollamh le heacnamaíocht agus bíonn an fód á sheasamh aige ar son chearta mhionlach Uigiúrach na Síne. I Meán Fómhair 2014, i ndiaidh seóthriail a mhair dhá lá, gearradh príosúnacht saoil air as a chuid gníomhaíochais.

Tá Gréasán Dhuais Sakharov cruthaithe ag an bParlaimint freisin chun tacaíocht a thabhairt do bhuaiteoirí Dhuais Sakharov, teagmhálacha a fhorbairt eatarthu agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a spreagadh. Is é is aidhm do chlár chomhaltachtaí Sakharov do chosantóirí chearta an duine ó thríú tíortha, a ndearna Gréasán Dhuais Sakharov é a sheoladh in 2013, cur le heolas na gcomhaltáí ar a mbíonn ar siúl ag Parlaimint na hEorpa i dtaobh chearta an duine, cabhrú leo a n-inniúlacht a fhorbairt agus a gcuid oibre a fheabhsú, agus, ag an am céanna, feachtas a mhúscailt faoi Dhuais Sakharov agus faoina luachanna.

Is iondúil gur Feisire é príomhbhreathnóir mhisin breathnóireachta AE um thoghcháin. Déantar toscaireachtaí breathnadóireachta thoghcháin Parlaimint na hEorpa a chomhtháthú i misin de chuid an Aontais nó i misin idirnáisiúnta agus baineann siad feidhm as a saoráidí agus a mbonneagar (chun tuilleadh eolais a fháil faoi sin, féach bileog eolais [5.4.2](#) maidir leis an daonlathas a chur chun cinn agus toghcháin a bhreathnú).

Bíonn Uachtarán Parlaimint na hEorpa ag tacú go gníomhach le cearta an duine trí ráitis agus litreacha agus trí shaincheisteanna i dtaca le cearta an duine a phlé le gníomhaithe tábhachtacha nuair a bhuaileann sé leo.

I dtuarascáil bhliantúil féintionscnaimh na Parlaiminte, tá tuairimí i dtaobh bheartas AE maidir le cearta an duine agus i dtaobh thuarascáil bhliantúil AE, déantar athbhreithniú inti ar ghníomhaíochtaí dílse na Parlaiminte, agus leagtar síos tosaíochtaí inti don am atá le teacht.

Marika Lerch
11/2019

